

Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 – Fakro sp. z o.o. v an Coimisiún Eorpach, Poblacht na Polainne

(Cás C-149/21 P) ⁽¹⁾

(*Achomharc – Iomaíocht – Diúltú an Choimisiúin Eorpaigh do ghearán – Easpa leasa an Aontais*)

(2022/C 318/15)

Teanga an cháis: an Pholainnis

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Fakro sp. z o.o. (ionadaithe: Z. Kiedacz agus A. Radkowiak-Macuda, radcowie prawni)

Páirtithe eile sna himeachtaí: An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Farley, I.V. Rogalski agus J. Szczodrowski, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Polainne (ionadaí: B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire)

An chuid oibríochtúil

- 1) Déantar an changean a dhíbhe.
- 2) Ordaítear do Fakro sp. z o.o. a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.
- 3) Íocfaidh Poblacht na Polainne ABC as a costais féin.

⁽¹⁾ IO C 182, 10.05.2021

Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 30 Meitheamh 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Sofiyski rayonen sad – an Bhulgáir) – Profi Credit Bulgaria v T.I.T.

(Cás C-170/21) ⁽¹⁾

(*Tarchur chun réamhrialú – Treoir 93/13/CEE – Creidmheas tomhaltóirí – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Airteagal 6(1) – Athbhreithniú ex officio – Diúltú ordú íocaíochta a eisiúint i gcás éileamh atá bunaithe ar théarma éagórach – Iarmhairtí a bhaineann le héagthroime téarma conarthach – An ceart chun aisíocaíochta – Prionsabal na coibhéise agus prionsabal na héifeachtachta – Fritháireamh a dhéanamh ex officio*)

(2022/C 318/16)

Teanga an cháis: an Bhulgáiris

An chúirt a rinne an tarchur

Sofiyski rayonen sad

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Profi Credit Bulgaria

Cosantóir: T.I.T.

An chuid oibríochtúil

- 1) Ní mór Airteagal 6(1) de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra a léirmhíniú mar ní a chiallaíonn go gceanglaítear ar chúirt náisiúnta ex officio, agus iarratas á éisteacht aici ar ordú íocaíochta a dhéanamh agus i gcás nach nglacann an féichiúnaí is tomhaltóir lena mbaineann páirt sa nós imeachta go dtí go n-eiseofar an t-ordú íocaíochta sin, gan téarma éagórach sa chonradh creidmheasa tomhaltóra arna thabhairt i gcrích idir an tomhaltóir sin agus an díoltóir nó an soláthróir lena mbaineann, ar a bhfuil cuid den éileamh líomhnaithe sin bunaithe, a chur i bhfeidhm. Sa chás sin, tá sé de chumhacht ag an gcúirt sin an t-iarratas sin a dhiúltú go páirteach, ar choinníoll gur féidir leis an gconradh leanúint ar aghaidh ar marthain gan aon leasú, athrú nó forlíonadh breise, a bhfuil sé de dhualgas ar an gcúirt sin a fhíorú.